# A1 Topaic 12

## 14 Dialann Lorcáin

## Scríbhneoireacht

3

## 14 Dialann Lorcáin

**Le múineadh:**
- Tuairimí a thabhairt faoi áit agus cur síos a dhéanamh ar laethanta saoire.

4

## Bileog
## Dialann Lorcáin



5

©GaeilgegoDeo 2024

## Dialann Lorcáin

- Seo sliocht as dialann Lorcáin.
- Léigh na habairtí ina n-iomláine sula líonann tú aon bhearna.
- Scríobh focal amháin oiriúnach i ngach bearna.

6

## Dialann Lorcáin

- Nuair atá tú críochnaithe, má tá páirtnéir nó study buddy agat ba cheart daoibh bhur gcuid freagraí a phlé.
- An raibh mórán difríochtaí idir na freagraí a bhí agaibh?

7

## Dialann Lorcáin

- Tá an teach saoire atá againn an-____**deas**____(1). Tá sé i sráidbhaile beag faoin ____**tuath**____(2) in aice le San Sebastian. Níl sé ach cúpla míle ón bhfarraige agus tá ____**linn**____(3) snámha poiblí gar don teach chomh maith. Tá bialann agus ____**siopa**____(4) beag sa sráidbhaile. Tá an bia Spáinneach an-deas – is ____**breá**____(5) liom tapas

8

©GaeilgegoDeo 2024

## Dialann Lorcáin

- Tá an **aimsir** (6) go hálainn anois ach an chéad **lá/seachtain** (7) anseo, bhí sí go dona. Bhí sé scamallach agus ag cur **báistí** (8) ach tá sé níos fearr anois. Bíonn sé te agus **grianmhar** (9) gach lá agus tá mé breá sásta.
- Téimid go dtí an trá gach maidin ar feadh tamaill. Imríonn na páistí **leadóg** (10) agus téim féin agus Síle ag

9

## Dialann Lorcáin

- **snámh/siúl/rith** (11). Léim leabhair nó irisí ansin ar feadh tamaill – tá trí leabhar léite agam go dtí seo!
- Inné, bhí muid i San Sebastian. Caithfidh mé a rá gur thaitin an **áit/baile** (12) go mór liom. Chuaigh muid ansin ar an traein. Chaith Síle tamall ag siopadóireacht – tá **siopaí** (13) deasa ann – cheannaigh sí **bróga** (14) dubha – tá siad an-deas ar fad!

10

## Dialann Lorcáin

- D'ith muid **dinnéar** (15) i mbialann bheag thraidisiúnta agus d'fhan muid ansin go dtí a seacht a chlog. Bhí muid ar ais sa bhaile ar leath i ndiaidh a hocht – in am do chúpla deoch sa teach tábhairne atá in aice linn.
- Trí lá fágtha againn! Tá mé ag súil go mór leo. Siúlóid ar maidin, lón deas cois farraige, galf agus ansin snámh tráthnóna!

11

©GaeilgegoDeo 2024

## Dialann Lorcáin

- Tá an teach saoire atá againn an-**deas**(1). Tá sé i sráidbhaile beag faoin **tuath**(2) in aice le San Sebastian. Níl sé ach cúpla míle ón bhfarraige agus tá **linn**(3) snámha poiblí gar don teach chomh maith. Tá bialann agus **siopa**(4) beag sa sráidbhaile. Tá an bia Spáinneach an-deas – is **breá**(5) liom tapas

12

## Dialann Lorcáin

- Tá an **aimsir**(6) go hálainn anois ach an chéad **lá/seachtain**(7) anseo, bhí sí go dona. Bhí sé scamallach agus ag cur **báistí** (8) ach tá sé níos fearr anois. Bíonn sé te agus **grianmhar**(9) gach lá agus tá mé breá sásta.
- Téimid go dtí an trá gach maidin ar feadh tamaill. Imríonn na páistí **leadóg**(10) agus téim féin agus Síle ag

13

## Dialann Lorcáin

- **snámh/siúl/rith**(11). Léim leabhair nó irisí ansin ar feadh tamaill – tá trí leabhar léite agam go dtí seo!
- Inné, bhí muid i San Sebastian. Caithfidh mé a rá gur thaitin an **áit/baile**(12) go mór liom. Chuaigh muid ansin ar an traein. Chaith Síle tamall ag siopadóireacht – tá **siopaí**(13) deasa ann – cheannaigh sí **bróga**(14) dubha – tá siad an-deas ar fad!

14

©GaeilgegoDeo 2024

## Dialann Lorcáin

- D'ith muid ___dinnéar___(15) i mbialann bheag thraidisiúnta agus d'fhan muid ansin go dtí a seacht a chlog. Bhí muid ar ais sa bhaile ar leath i ndiaidh a hocht – in am do chúpla deoch sa teach tábhairne atá in aice linn.
- Trí lá fágtha againn! Tá mé ag súil go mór leo. Siúlóid ar maidin, lón deas cois farraige, galf agus ansin snámh tráthnóna!

15

## Dialann Lorcáin

- Anois, léigh an sliocht ina n-iomláine amach os ard.

16

## Bileog

## Dialann Lorcáin

## Mo dhialann féin

17

©GaeilgegoDeo 2024

## Mo dhialann féin

1. Tá tú ar laethanta saoire in áit álainn.
2. Scríobh iontráil dialainne ghearr anseo, bunaithe ar do laethanta saoire.
3. Ná luaigh an áit ina bhfuil tú.
4. Luaigh áiteanna mór le rá sa cheantar agus áiteanna in aice leis an gceantar.
5. Beidh ar do pháirtnéir buille faoi thuairim a thabhairt faoin áit ina bhfuil tú. Mar shampla:

18

## Mo dhialann féin

*Is breá liom an áit seo! Tá an t-óstán go hálainn. Tá sé an-mhór. Tá sé in aice le Coláiste na Tríonóide agus Faiche Stiabhna. Téim ag siopadóireacht gach lá. Tá mé an-sásta leis na siopaí ar Shráid Grafton! Tá an bia an-bhlasta anseo! Ithim bricfeasta Éireannach gach maidin. Tá an aimsir go breá, te agus grianmhar. Chuaigh mé go dtí an zú agus an Guinness Storehouse ar an Luas inné.*

19

## Mo dhialann féin

- Nuair atá an iontráil scríofa agat,beidh ort d'iontráil a léamh amach do do pháirtnéir.
- Beidh ar do pháirtnéir buille faoi thuairim a thabhairt faoi cá bhfuil tú ar saoire.
- Beidh ort do pháirtnéir a mholadh nó a cheartú.
- An cuimhin leat an foclóir a úsáidtear chun daoine a mholadh?

20

©GaeilgegoDeo 2024

## Mo dhialann féin

- *Maith an bhean/an fear* srl.
- Ansin, léifidh do pháirtnéir a iontráil féin amach duitse.
- Beidh ort buille faoi thuairim a thabhairt faoi cá bhfuil do pháirtnéir ar saoire. Beidh air/uirthi tú a mholadh nó a cheartú.

21

## Mo dhialann féin

- Conas ar éirigh libh leis an tasc?
- Ar éirigh le do pháirtnéir an áit a bhaint amach?
- Cérbh í an ghné ba dhúshlánaí – smaoineamh ar áit agus áiteanna, nó an teanga cheart a roghnú?

22

## Mo dhialann féin

- Tá áiteanna turasóireachta i mBaile Átha Cliath luaite sa sampla thuas.
- An bhfuil aon áiteanna turasóireachta eile in Éirinn ar eolas agat?
- An aithníonn tú na háiteanna seo:

23

©GaeilgegoDeo 2024

## Mo dhialann féin

1. Boirinn
2. Aillte an Mhothair
3. Clochán an Aifir
4. An Ghráinseach Nua
5. Caisleán Bhlarna
6. Ard-Eaglais Phádraig Ard Mhacha

24

## Mo dhialann féin



**Boirinn**:
Is é an tírdhreach carstach is mó san Eoraip é.

25

## Mo dhialann féin



**Aillte an Mhothair**:

Tá siad mar chuid de Pháirc Náisiúnta Bhoirne. Tugann níos mó ná milliún turasóir cuairt orthu gach bliain. Tá siad le feiceáil sa scannán *Harry Potter and the Half-Blood Prince*

26

©GaeilgegoDeo 2024

## Mo dhialann féin

**Clochán an Aifir:**
Is éard atá ann ná colúin bhasailt chomhthrasnacha atá ann de bharr brúchta bholcánaigh. Sa bhéaloideas, deirtear gur thóg Fionn Mac Cumhaill an clochán seo chun dul go hAlbain.



27


## Mo dhialann féin

**An Ghráinseach Nua:**
Is séadchomhartha réamhstairiúil é. Tá sé níos sine ná Stonehenge agus na pirimidí san Éigipt.



28

## Mo dhialann féin



**Caisleán Bhlarna:**
Deirtear má phógann tú an cloch ag barr an chaisleáin go mbíonn bua na cainte Éireannaí agat.

29

©GaeilgegoDeo 2024

## Mo dhialann féin



**Ard-Eaglais Phádraig Ard Mhacha:**

Tá Rí na hÉireann Brian Bóramha curtha anseo.

30

## Mo dhialann féin

- Ar thug tú cuairt ar aon cheann de na háiteanna sna híomhánna?
- An féidir leat smaoineamh ar aon áit eile in Éirinn?
- Cad iad na háiteanna turasóireachta is cáiliúla nó is fearr i do thíortha féin?

31

©GaeilgegoDeo 2024